

Cill Mheasáin

1.0 Comhthéacs/Carachtar an tSráidbhaile

Sráidbhaile gleoite é Cill Mheasáin atá suite thart ar 11 km ón Uaimh agus thart ar 8.5 km ó Bhaile Átha Troim agus ar tháinig forbairt air ar bhealach ordúil ar phríomhshráid go príomha idir an t-iarlíne iarnróid ón Uaimh-Baile Átha Cliath ar an taobh thiar agus Abhainn Scéine ar an taobh thoir. Go stairiúil d'fhorbair an sráidbhaile mar thoradh ar stáisiún a bheith ann ar an iarlíne iarnróid ón Uaimh Baile Átha Cliath, tiontaíodh an stáisiún sin go hóstán. Tharla an fhorbairt reatha ar bhealach réasúnta dlúth. Mar thoradh ar a ionad, atá amach ó na príomhbhealaí artaireacha tríd an gcontae, níl mórán tráchta sa sráidbhaile. Mar gheall air sin, chomh maith leis na sráideanna ar scála sráidbhaile, tá timpeallacht chiúin agus dheas ann do choisithe. Ainmníodh an chuid theas de Chill Mheasáin mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA). Tá ról an-tábhachach ag crainn aibí mhóra i spás agus radhairc a shainiú laistigh den LCA. Sa bhreis air sin, tá na ballaí cloiche tarraingteacha agus na crainn aibí laistigh den LCA mar chúlra deas don sráidbhaile. Tá roinnt foirgneamh sa sráidbhaile a chuireann go mór lena charachtar.

Tá sé fós mar chuspóir ag an gComhairle féachaint chuig an líne iarnróid ón Uaimh-Baile Átha Cliath a athoscailt. Coimeádadh bealach na líne reatha ar an taobh thiar de lár an tsráidbhaile chomh maith le cion talún mar thalamh bán chun freastal ar stáisiún iarnróid féideartha amach anseo agus bealaí úsáide a bheadh ag gabháil leis.

Áit san Ordathas lonnaithe	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	586 duine	654 duine	Méadú 11.6%
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	100		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	34		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta.	265		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Chill Mheasáin		
Saoráidí Pobail	Comhar Creidmheasa, Oifig Poist, H.A. Teach Tábhairne Thornes, Teach Tábhairne Fergie Maguire's, Bialann Monto's, Centra, Óstán an Station House, Eaglais Bhreith Chríost, Club CLG Chill Mheasáin.		
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Tá deisceart an tsráidbhaile ainmnithe mar LCA		

Déanmhais Chosanta	MH037- 200 Teach Chill Mheasáin MH037- 201 Bothán Comharthaí MH037- 202 Óstán an Station House MH037- 203 Droichead Iarnróid MH037- 204 Óstán an Stáisiún House MH037- 205 Droichead Iarnróid MH037- 207 Eaglais Bhreith Chríost MH037- 208 Caidéal Uisce MH037- 209 Scoil Náisiúnta Sheosaimh MH037- 210 Droichead Iarnróid MH037 – 211 Eaglais na hÉireann Chill Mheasáin MH037 – 212 Teach an Reachtaire Chill Mheasáin MH037 – 213 Teach Conabery
Toilleadh Bonneagair	Tá acmhainn ar fáil i scéim Soláthair Uisce Abhainn Scéine Freastalaíonn ionad cóireála fuíolluisce Bhaile an Chaisleáin/Teamhrach ar an sráidbhaile agus tá acmhainn theoranta aige.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Measúnú Riosca i gcás Tuilte i bPlean Forbartha Chontae na Mí 2019 - 2025. Crios Tuile A & B aitheanta.
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreáin ainmnithe in aice
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá crios amháin gar don sráidbhaile ó thuaidh.

2.0 Fís

An Lár Sráidbhaile sainithe agus tarraingteach a chomhdhlúthú agus a neartú, an tábhacht a aithint a bhaineann le cáilíocht oidhreacht thógtha agus thimpeallacht nádúrtha an tSráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú, agus freastal ar riachtanais gach coda den phobal áitiúil. Láithreáin deise agus talamh cúil a fhorbairt lena ndéanfar cinnte go bhforbróidh an sráidbhaile ar bhealach dlúth agus a chuirfidh le bríomhaire agus beogacht an tsráidbhaile.

3.0 Deiseanna

- Cuma an tsráidbhaile a fheabhsú le comharthaí ardchaighdeáin, ealaín phoiblí agus caighdeáin chomhsheasmhacha solais ar an bpríomhshráid agus ag pointí isteach agus amach an tsráidbhaile.
- Soláthar níos mó spáis oscailte agus áiteanna caithimh aimsire lena n-áirítear tírdhreachadh feabhsaithe na spásanna poiblí reatha (mar an gcarrchlós taobh leis an scoil).
- Chuirfeadh Páirc/Siúlóid Líneach Abhainn le bríomhaire agus beogacht an tsráidbhaile. Tá deis ann do chlós súgartha buan ar na tailte ó thuaidh ó Eaglais Mhuire, a bheadh chun leas an cheantair.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá cead ar fáil do 32 hAonad le haghaidh theach altranais sa sráidbhaile. Tá roinnt láithreán atá suite go lárnach a mbíodh cead pleanála ar fáil dóibh ach a bhfuil an cead pleanála sin imithe in éag anois. Faoi láthair tá balla clár timpeall an láithreáin (méid 0.14 ha) os comhair Sheanstáisiún na nGardaí agus tá tionchar diúltach aige ar an tsráid-dreach. Is deis iontach iad na láithreáin sin le háiseanna úsáide pobail agus/nó measctha a sholáthar.

Chomh maith leis sin tá láithreán talún cúil ag cúl Centra lena ngabhann deis mhaith chun an sráidbhaile reatha a atreisiú trí fhorbairt chónaitheach nó úsáide measctha a chur ar fáil.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Aithnítear Cill Mheasáin mar ionad miondíola ceathrú sraithe in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá raon leathan de sheirbhísí miondíola aige, go príomha siopa áise, cógaslann, gruagaire, bialann, buitséirí, café agus dhá theach tábhairne. Bhainfeadh an sráidbhaile leas as raon agus rogha níos mó de na háiseanna sin. Tá Óstán an Station House ina phointe lárnach ó thuaidh ó lár an tsráidbhaile agus soláthraíonn sé fostaíocht áitiúil.

4.3 Bonneagar

Soláthraítear uisce Chill Mheasáin ag Scéim Soláthair Uisce Abhainn Scéine a bhfuil acmhainn ar fáil aici. Ó thaobh sholáthar fuíolluisce, freastalaíonn ionad cóireála fuíolluisce Bhaile an Chaisleáin/Teamhrach, a oibríonn MCC ar an sráidbhaile, ach tá acmhainn theoranta ann.

4.4 Gluaiseacht

Ritheann Bealach 109B Bhus Éireann seirbhís ó Bhaile Átha Troim go Baile Átha Cliath trí Chill Mheasáin agus –Dún Seachlainn a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile dhá uair sa lá. Bhainfeadh an sráidbhaile leas as stadanna bus agus scáthláin ghaolmhara.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá deisceart an tsráidbhaile ainmnithe mar LCA agus tá roinnt struchtúr cosanta suite in aice leis. Tá pointe lárnach an LCA sin suite ag acomhal bóithre ag ceann theas an tsráidbhaile agus tá sé áitithe ag Teach an Mhargaidh, atá ina ghné fhíse thábhachtach. I measc foirgneamh eile, a chuireann go mór le carachtar an tsráidbhaile, tá an iar-eaglais - St. Mary's, Seanteach an Reachtaire agus na tailte a ghabhann leo. Tá na ballaí cloiche tarraingteacha agus na crainn aibí ina gcúlra deas don sráidbhaile.

Cé go bhfuil sócmhainní comhshaoil ag an sráidbhaile agus an cheantair mórthimpeall air, níl aon cheann acu ainmnithe ag leibhéal Náisiúnta ná Idirnáisiúnta. Níl aon láithreáin Natura 2000 sa sráidbhaile ach níl sé in aice le haon láithreáin den sórt sin. Tá Abhainn Scéine ina fo-abhainn don Bhóinn, áfach, ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LChS) é. Tá ról an-tábhachtach ag crainn mhóra aibí maidir le spás agus radhairc a shainiú laistigh de shuíomh an LCA. Anuas air sin, tá roinnt crann agus fhálta sceach timpeall an tsráidbhaile a chuireann lena charachtar tuaithe. Tá cosaint thimpeallacht nádúrtha Chill Mheasáin tábhachtach, mar go gcuireann sé a chúla uathúil féiniúlachta agus taitneamhachta féin ar fáil don sráidbhaile. Mar sin tá sé ríthábhachtach an cothrom ceart a bhaint amach idir cosaint na timpeallachta nádúrtha agus forbairt an tsráidbhaile sa toadhcháil.

4.6 Bonneagar Glas

Tá cuid mhór talún atá críosaithe mar F1 “Spás Oscailte” laistigh den chríos forbartha a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh taitneamhachtaí um chaitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach. Sa deisceart, soláthraíonn na tailte atá críosaithe mar “Ardtaitneamhacht” agus tailte na heaglaise cúlra tarraingteach don bhaile.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá Bunscoil Sheosaimh suite i lár an tsráidbhaile. Díreach taobh leis an scoil, tá an Eaglais Chaitliceach, Eaglais Bhreith Chríost. Tá an iarscoil ar foirgneamh scoite cúig-bhá é ar dhá hurlár a tógadh i timpeall 1927 ar an taobh theas den Eaglais Chaitliceach. Tá Eaglais Paróiste Chill Mheasáin (Eaglais na hÉireann) suite níos faide ó theas ón sráidbhaile agus tógadh i 1731 é. Tá an Comhar Creidmheasa agus Stáisiún na nGardaí suite ó thuaidh ó Eaglais na hÉireann.

Cé go bhfuil traidisiún láidir spóirt ag Cill Mheasáin, tá easpa áiseanna spóirt sa sráidbhaile féin. Tá an club iománaíochta agus cáimógaíochta mór le rá suite 1 km ón sráidbhaile ar Bhóthar Bhaile an Ringéalaigh agus téann an Paróiste le Dún Samhnaí le haghaidh Peile Gaelaí agus úsáideann siad an fhaiche imeartha i nDún Samhnaí. Úsáideann an club badmantain pailliún an CLG ar Bhóthar Bhaile an Ringéalaigh. Faoi láthair traenálann foireann sacar na mban agus na bhfear de chuid Chill Mheasáin sa pháirc astroturf ag tailte an CLG agus tá siad ag lorg ionaid oiriúnaigh le haghaidh páirce.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá Cill Mheasáin forbartha ar bhealach dlúth agus mar thoradh air sin cruthaíodh atmaisféar shráidbhaile tuaithe. Léiríonn na foirgnimh sin agus tá an chuid is mó acu 2 nó trí stóras in airde. Ar an iomlán tá dea-áiseanna coisí ag Cill Mheasáin lena n-áirítear cosáin agus áiteanna trasnaithe. Cruthaíonn na ciumhaiseanna féir agus na ballaí cloiche ísle timpeallacht dheas do choisithe.

5.0 Cuspóirí Forbartha don Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaitheacht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle é

BEA CMH 1 Lár gnó agus stairiúil shráidbhaile Chill Mheasáin a chomhdhlúthú agus a neartú, agus forbairt a mholadh a fheabhsóidh carachtar agus struchtúr lár an phobail, agus freastal ar riachtanais gach coda den phobal áitiúil chun cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus cuairt.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA CMH 1	Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a bhaint amach, an oiread agus is féidir trí chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh teaghlaigh do Chill Mheasáin mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS CHM 2	Féachaint chuig spás oscailte agus áiteanna caithimh aimsire a sholáthar don daonra pobail, clós súgartha ach go háirithe. D'fhéadfadh go mbeadh sé sin suite i dtailte criosaithe reatha an phobail ar an taobh thiar nó i limistéir ardtaitneamhachta ar an taobh theas.
BEA CHM 3	Tacú le forbairt chónaitheach agus í a mholadh ar thalamh nach mbaintear dóthain úsáide aisti agus/nó tailte foilmhe, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta'; faoi réir caighdeán ard de dheardh agus de; leagan amach a bheith bainte amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS CHM 4	Bríomhaire agus inmharthanacht Lár Shráidbhaile Chill Mheasáin a choimeád mar phointe lárnach don ghníomhaíocht ghnó agus mhiondíola go léir, chun rogha siopadóireachta áitiúla a chinntiú le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.
-----------	--

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CHM 5	Suíomh nádúrtha tírdhreacha an tsráidbhaile a chosaint.
CUS CHM 6	É a dhéanamh ina cheangal go n-úsáidfidh sonraí agus ábhair traidisiúnta chun réiteach leis na foirgnimh agus leis an tsráid-dreach reatha.
CUS CHM 7	Na crainn a chosaint agus a choimeád atá aitheanta um chaomhnú ar an Léarscáil de Chriosú Úsáid Talún agus atá suite i dTailte Eaglais Mhuire.
BEA OID 8	É a dhéanamh ina cheangal go mbeadh gach beartas forbartha laistigh de LCA nó le taobh LCA báúil le carachtar an limistéir, go mbeadh an dearadh cuí i dtaobh airde, scála, dlús ceapaigh, leagan amach, ábhair agus críochanna agus go mbeadh sí suite agus deartha go cuí i dtaobh na comhairle atá tugtha sa Ráiteas faoi Charachtar Limistéar Ailtireachta Chill Mheasáin.

Gluaiseacht

CUS CHM 9	Féachaint chuig trasrianta coisí a sholáthar in ionaid lárnaigh agus an líonra cosán a chríochnú, go háirithe ar an taobh theas den sráidbhaile.
CUS CHM 10	Féachaint chuig bearta um cheansú tráchta a thabhairt isteach, go háirithe ag seirbhísí riachtanacha ag a bhfuil páirceáil sráide thiomhnaithe de réir mar is gá, chun lár an tsráidbhaile a neartú.
KLM OBJ 11	Féachaint chuig stadanna agus scáthláin bus a sholáthar i dteannta leis na páirtithe leasmhara ábhartha.
CUS CHM 12	Forbairt stáisiún iarnróid, áis páirceála agus taistil agus bonneagar gaolmhar a éascú mar chuid de chur i gcrích Chéim II de Líne Iarnróid na hUaimhe, i dteannta le hIarnród Éireann agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Bonneagar

CUS CHM 13	Féachaint chuig riosca i gcás tuilte agus forbairt a bhainistiú ar aon dul leis an Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile).
------------	---

Sóisialta

CUS CHM 14	Féachaint chuig áiseanna pobail agus caithimh aimsire sa sráidbhaile a fheabhsú, lena n-áirítear páirc spraoi bhuan a chur ar fáil, faoi réir na hacmhainní a bheith ar fáil.
CUS CHM 15	Féachaint, i dteannta le páirtithe leasmhara ábhartha, chuig Páirc/Siúlóid Líneach Abhann a sholáthar cois Abhainn Scéine ar an taobh thoir agus trí thailte an óstáin faoi réir na measúnachtaí cuí i leith an chomhshaoil.
CUS CHM 16	An fhéidearthacht Iartheach an Reachtair a úsáid le haghaidh an phobail/oideachais a iniúchadh.
CUS CHM 17	Féachaint chuig bealach isteach a sholáthar trí limistéar ardtaitneamhachta reatha atá suite ó theas i dteannta le páirtithe leasmhara ábhartha.

Dearadh Uirbeach & Réimse Poiblí

CUS CHM 18	Carachtar agus suíomh an tsráidbhaile a chaomhnú trína dhéanamh ina cheangal go gcuirfeadh airde, scála agus dearadh aon fhorbartha beartaithe sa sráidbhaile agus san áit mórthimpeall le carachtar an tsráidbhaile agus nach mbainfeadh sé ó shainiúlacht na háite.
CUS CHM 19	Féachaint chuig dea-shoilse comhsheasmhacha de chineál sráidbhaile a chur ar fáil ar gach bealach soilse cosáin agus poiblí a shíneadh chuig na teorainneacha ar bhóithre poiblí, de réir mar is cuí.
CUS CHM 20	Cinntiú go léiríonn an fhorbairt nua go léir meas ar scála, fhoirm agus carachtar an tsráidbhaile.